Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2020
(OR. en)

13012/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0294(NLE)**

**UD 350**
**COMER 173**
**WTO 325**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus Ceanada i ndáil le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Cheanada maidir le Comhpháirtithe Cosanta agus do Chlár an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe san Aontas Eorpach |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhchoiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus Ceanada a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Cheanada maidir le Comhpháirtithe Cosanta agus do Chlár an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe san Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le comhair custaim agus cúnamh frithpháirteach i gcúrsaí custaim ("CCCF") i gcrích le Cinneadh 98/18/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1998.

(2) In Airteagal 2 CCCF, iarrtar ar na húdaráis chustaim comhar custaim a fhorbairt a bheidh chomh fairsing agus is féidir ó thaobh raon feidhme de.

(3) De bhun Airteagal 20 CCCF, tá na bearta is gá le haghaidh comhair custaim le glacadh ag an gComhchoiste um Chomhar Custaim ("CCCC").

(4) Thug an tAontas an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le comhair custaim i ndáil le cúrsaí a bhaineann le slándáil an tslabhra soláthair ("CSSS") i gcrích le Cinneadh 2014/941/AE[2] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Samhain 2013..

(5) De bhun Airteagal 5 CSSS, cumhachtaítear CCCC cinntí a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do theicnící bainistíochta riosca, caighdeáin riosca, rialuithe slándála agus cláir comhpháirtíochta trádála.

---

1 Cinneadh 98/18/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 maidir le Comhaontú a chur i gcrích idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le comhoibriú custam agus cúnamh frithpháirteach i dtaca le cúrsaí custam an 27 Samhain 1997 (IO L 7, 13.1.1998, lch. 37).

2 Cinneadh 2014/941/AE ón gComhairle an 27 Meitheamh 2013 maidir le Comhaontú idir an Aontas Eorpach agus Ceanada a chur i gcrích maidir le comhoibriú custam i dtaca le cúrsaí a bhaineann le slándáil an tslabhra soláthair (IO L 367, 23.12.2014, lch. 8).

(6) Tá sé ar intinn ag CCCC cinneadh a bhaineann le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Cheanada maidir le Comhpháirtithe Cosanta agus do Chlár an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe san Aontas Eorpach a ghlacadh i rith a chúigiú cruinniú, agus ar aon chuma roimh dheireadh 2022.

(7) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i CCCC a bhunú ós rud é go mbeidh éifeachtaí leis an gcinneadh a bhaineann le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Cheanada maidir le Comhpháirtithe Cosanta agus do Chlár an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe san Aontas,

(8) Maidir le seasamh an Aontais laistigh de CCCC a bhaineann le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Cheanada maidir le Comhpháirtithe Cosanta agus do Chlár an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe san Aontas Eorpach**,** ba cheart don seasamh sin a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó CCCC,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste um Chomhar Custaim a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le Comhair Custaim agus Cúnamh Frithpháirteach i gCúrsaí Custaim ("CCCC"), ag cúigiú cruinniú CCCC, a mhéid a bhaineann le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Cheanada maidir le Comhpháirtithe Cosanta agus do Chlár an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe san Aontas Eorpach, bunófar an seasamh sin bunaithe ar an dréachtchinneadh ón CCCC[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha agus racaidh sé in éag an 31 Nollaig 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST13014/20 ar http://register.consilium.europa.eu.